**Cuntas Leithreasa 2014**

# Vóta 24

# Dlí agus Ceart agus Comhionannas

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, foireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgead-teoranta atá á riar ag an Oifig sin, agus íocaíochtaí deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

Dlitear barrachas €24.39 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

**Struchtúr vótála**

Struchtúraítear an vóta Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar bhonn clár.

Grúpáladh gach ceann de na fotheidil reatha faoi cheann amháin de shé chlár agus cionroinneadh costais riaracháin na Roinne thar na cláir. Is iad seo a leanas na cláir

A Éire shlán a choimeád
B Oibriú le haghaidh pobail shábháilte
C Soláthar agus riaradh an cheartais a éascú
D Comhionannas agus comhtháthú a chur chun cinn
E Ionadaíocht a dhéanamh do Leas ceartais na hÉireann i bhfóraim Idirnáisiúnta
F Cur le hathshlánú geilleagrach

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannais (Fo-mhírcheann D.3) mar Vóta ar leith le héifeacht ón 1 Eanáir 2015.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Dímheas***

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse. Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim thar an saolré úsáideach mheasta. Déantar feithiclí agus trealamh a dhímheas ag ráta 20% in aghaidh na bliana de réir mhéid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta.

***Banc agus airgead tirim***

An ceanglas le hiarmhéideanna cuntais tráchtála a chur san áireamh i dtosca áirithe i gcuntais leithreasa 2014 agus i gcuntais leithreasa na mblianta ina dhiaidh, bhí sé sin ina chúis le leasú á dhéanamh ar na figiúirí comhfhreagracha i gcuntas 2013 chun críocha comparáid a dhéanamh.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don Roinn seo.

Síníodh Comhaontú Bainistíochta Seirbhísí leis an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Roinnte (PeoplePoint) i Mí Aibreáin 2015.

Chuireamar litir dearbhaithe ar fáil d'Oifigigh Chuntasaíochta a fhaigheann seirbhísí comhroinnte airgeadais ó ionad na Roinne um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais i gCill Airne maidir leis na rialuithe atá i bhfeidhm.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Sa chomhthéacs sin, feidhmíonn an Roinn bunachar sonraí lárnach um chomhaontuithe soláthair agus reáchtálann sí tuairiscí rialta chun iontrálacha sa bhunachar sonraí a mheaitseáil le caiteachas sa chóras bainistíochta airgeadais. Sula ndéantar íocaíochtaí a phróiseáil, ní mór tagairt comhaontú soláthair a thaispeáint. Is amhlaidh sin chun a chinntiú go bhfuil na socruithe soláthair cuí i bhfeidhm agus go ndearnadh réamhcheadú a lorg agus a fháil ón Oifigeach Soláthair i gcásanna nach féidir tairiscintí a lorg. Is féidir gurb amhlaidh sin de bharr chineál dílsithe na n-earraí nó na seirbhísí nó de bharr cásanna ina bhfuil práinn i gceist nó gur gá comhaontú a shíneadh. Is í an Rannóg Soláthair a fheidhmíonn an bunachar sonraí.

Coimeádann an bunachar sonraí taifid i dtaca le socruithe fadtéarmacha tacaíochta agus cothabhála le haghaidh bogearraí ar nós Microsoft, Oracle agus CorePay agus i dtaca le tomhaltáin le haghaidh trealamh saotharlainne dílsithe i gcásanna nach féidir tairiscintí a lorg. Trí chomhaontú, níor cuireadh na socruithe sin san áireamh faoi Chiorclán 40/02 le roinnt blianta anuas.

Táthar ag tabhairt tuairisc ar 14 shocrú soláthair san iomlán faoi Chiorclán 40/02 in 2014. Déantar iad a mhiondealú mar seo a leanas

- síneadh ocht socrú reatha soláthair ar luach iomlán €1,206,991 thar 2013, i dtaca, den chuid is mó, le socrú dátaí do thairiscintí soláthair san Oifig um Sholáthar Rialtais
- bhain eolas speisialaithe, práinneacht nó dálaí slándála le haghaidh ceithre shocrú ar luach iomlán €167,031 agus ag clúdach láithriú corp íobartach agus tacaíochta le haghaidh athbhreithniú neamhspleách ar an Roinn
- foinsiú díreach – bronnadh conradh ag idirbheartaíocht dhíreach gan próiseas cur amach ar thairiscintí in dhá chás ar luach iomlán €1,079,272 do dhoiciméid taistil agus chláraithe mar a raibh caighdeáin le comhlíonadh a sonraíodh go hidirnáisiúnta.

Is é beartas na Roinne seo leas a bhaint as na creataí uile atá ar fáil go lárnach a luaithe is a thagann siad i bhfeidhm agus teagmháil a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais i gcásanna ina bhfuil riachtanais níos sonraí againn.  Beidh rialuithe i bhfeidhm fós chun a chinntiú go gcomhlíonfar an straitéis seo.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Noel Waters**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

31 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Lúnasa 2015

# Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas
## Cuntas Leithreasa 2014

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Éire shlán a choimeád | 143,819 | 146,347 | 142,404 |
| B | Oibriú le haghaidh pobail shábháilte | 51,265 | 49,380 | 49,649 |
| C | Soláthar agus riaradh an cheartais a éascú | 137,323 | 128,274 | 123,035 |
| D | Comhionannas agus comhtháthú a chur chun cinn | 22,487 | 16,099 | 20,307 |
| E | Ionadaíocht a dhéanamh do leas ceartais na hÉireann i bhfóraim idirnáisiúnta | 3,110 | 2,935 | 4,267 |
| F | Cur le hathshlánú geilleagrach | 22,532 | 20,241 | 19,571 |
| | **Ollchaiteachas** | **380,536** | **363,276** | **359,233** |
| | *Asbhain* | | | |
| G | **Leithreasaí i gcabhair** | **55,940** | **63,068** | **63,575** |
| | **Glanchaiteachas** | **324,596** | **300,208** | **295,658** |

**Farasbarr do ghéilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a cuireadh i bhfeidhm dlite do ghéilleadh don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 24,388,295 | 24,701,742 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna aghus liúntais | 19,872 | 19,441 | 20,468 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 440 | 264 | 420 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 3,717 | 3,554 | 2,949 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 734 | 786 | 1,045 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 5,236 | 5,631 | 7,724 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,733 | 1,006 | 1,438 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 73 | 48 | 22 |
| viii | Taighde | 82 | 24 | 10 |
| ix | Financial shared services | 11,779 | 8,206 | 9,868 |
| *x* | *Uachtaránacht an AE* | — | — | *1,270* |
| | | 43,666 | 38,960 | 45,214 |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 324,316 | 314,019 |
| Pá[a] | | 25,541 | 28,630 |
| Neamhphá | | 13,419 | 16,584 |
| **Ollchaiteachas** | | **363,276** | **359,233** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **63,068** | **63,575** |
| **Glanchaiteachas** | | **300,208** | **295,658** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | (3,406) | | |
| Dímheas | 5,224 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 14 | | |
| Airgead tirim um dhiúscairtí | 13 | | |
| | | 1,845 | 3,970 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | (3,142) | | |
| | | (3,142) | (1,011) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (2,360) | | |
| Méadú ar stoc | (32) | | |
| | | (2,392) | (874) |
| **Caiteachas díreach** | | **296,519** | **297,743** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 28,027 | 25,354 |
| Measchíosanna | | 4,725 | 4,643 |
| **Costas glan clár** | | **329,271** | **327,740** |

[a] Áirítear leis an bhfigiúr pá le haghaidh 2014 tuarastail don Ionad Comhsheirbhísí Airgeadais arbh ionann iad agus €6,099,767 (2013: €7,335,659).

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 24 a tabhaíodh in áit eile

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 91 | 15 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 21,791 | 19,721 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 11,977 | 13,055 |
| Vóta 18 Seirbhísí comhroinnte | m | 39 | — |
| Vóta 20 An Garda Síochána | m | 182 | 194 |
| Lárchiste – Pinsin na nAirí | m | 230 | 299 |
| | | 34,310 | 33,284 |
| Vóta 24 Comhsheirbhísí - costas cionroinnte an Lárionaid Chomhsheirbhísí Airgeadais | m | (6,283) | (7,930) |
| | | **28,027** | **25,354** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 15,807 | 17,652 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 5,323 | 2,181 |
| | | **21,130** | **19,833** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 16,507 | 22,990 |
| Stoic | 2.5 | 1,539 | 1,507 |
| Réamhíocaíochtaí | | 4,154 | 6,006 |
| Ioncam fabhraithe | | 7,065 | 3,502 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 3,061 | 849 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **32,326** | **34,854** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 6,249 | 6,882 |
| Ioncam iarchurtha | | 145 | 161 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 19,547 | 22,251 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 21 | 1,588 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **25,962** | **30,882** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **6,364** | **3,972** |
| **Glansócmhainní** | | **27,494** | **23,805** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **27,494** | **23,805** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 23,805 | 26,617 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 324,596 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (24,388) | | |
| Vóta glan | | | 300,208 | 295,658 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 28,027 | 25,354 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | | 4,725 | 4,643 |
| Costas glan clár | 1 | | (329,271) | (327,740) |
| Aistriú chuig ranna eile | | | — | (727) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | 27,494 | 23,805 |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2014 | 6,974 | 1,163 | 98,264 | 5,458 | 111,859 |
| Breiseanna | — | 130 | 2,568 | 19 | 2,717 |
| Coigeartú[a] | — | — | 635 | 54 | 689 |
| Diúscairtí[a] | — | (102) | (5,918) | (1,840) | (7,860) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014 | 6,974 | 1,191 | 95,549 | 3,691 | 107,405 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2014 | 765 | 854 | 88,159 | 4,429 | 94,207 |
| Dímheas don bhliain | 139 | 115 | 4,050 | 261 | 4,565 |
| Coigeartú[a] | — | — | 629 | 30 | 659 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (102) | (5,901) | (1,830) | (7,833) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2014 | 904 | 867 | 86,937 | 2,890 | 91,598 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **6,070** | **324** | **8,612** | **801** | **15,807** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **6,209** | **309** | **10,105** | **1,029** | **17,652** |

[a] Ag eascairt as athbhreithniú ar shócmhainní seasta atá fós ar siúl, cuireadh roinnt sócmhainní le dáta curtha i seirbhís roimh 2014 le clár na sócmhainní. Tá an dímheas carntha gaolmhar san áireamh freisin. Ina theannta sin, baineadh sócmhainní thar 15 bliana le glanluach de réir na leabhar de náid nach raibh i bhfeidhm le linn fardail sócmhainní, baineadh iad ón gclár i 2014. Cuimsíonn baint na sócmhainní seo ó chlár na sócmhainní príomhchuid an fhigiúir diúscairtí i 2014.

**2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt**

| at 31 Nollaig | Feidhmchláir ríomhaireachtain-tí | Foirgnimh | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2014 | 1,113 | 1,068 | 2,181 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 3,142 | — | 3,142 |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2014 | 4,255 | 1,068 | 5,323 |

**Áitreabh Seirbhísí Promhaidh**

Léiríonn an iarmhéid a iompraíodh chun tosaigh de €1.068 milliún i gcatagóir na bhFoirgneamh costais fheistithe na n-áitreabh ar léas i mBaile Átha Cliath lena n-úsáid ag an tSeirbhís Phromhaidh. Cé gur cuireadh an obair maidir leis an bhfoirgneamh seo i gcrích, ní féidir é a áitiú mar gheall ar cheisteanna a bhaineann le cead pleanála. Tá conspóid ann i gcónaí faoi stádas an léasa. Eisíodh imeachtaí dlí thar ceann na Roinne an 20 Márta 2013 agus tá iad seo ar bun faoi láthair.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ginearálta | 2,694 | 5,163 |
| Mionairgead/óinchistí | 15 | 25 |
| Cuntais bhainc thráchtála[a,b] | 13,798 | 17,802 |
| | 16,507 | 22,990 |

[a] Cuirtear iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála i láthair ar leithligh agus nuair a theastaíonn sin léiríodh athaicmiú na bliana reatha agus na hiarmhéideanna comparáideacha.

[b] Feidhmítear cuntas bainc thráchtála breise do sheirbhísí párolla don Ghrúpa Dlí agus Cirt agus do vótaí eile cliaint den lárionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (SCA) ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – SCA. Baineann €291,000 i 2014 (2013: €1,899,000) le híocaíochtaí párolla Paypath don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go díreach. Léirítear iarmhéid an chuntais seo de €15,770,000 (2013: €25,717,000) i gcláir chomhardaithe vótaí cliaint SCA, .i. Vótaí 2, 20, 21, 22, 23 agus 33.

| **2.5 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Páipéarachas | 122 | 143 |
| Tomhaltais fóiréinseacha | 253 | 174 |
| Tomhaltais TF | 58 | 90 |
| Cártaí clárúcháin inimirce | 1,046 | 1,045 |
| Ilghnéitheach | 23 | 17 |
| Foilseacháin | 20 | 20 |
| Trealamh/éadach | 17 | 18 |
| | 1,539 | 1,507 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí | 396 | 445 |
| Óinchistí | 48 | 51 |
| Tuarastail aisghabhála | 213 | 100 |
| Aisghabháil na scéime pas taistil | 317 | 26 |
| Glacadóireacht an Biúró um Shóchainní Coiriúla | 41 | 135 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 1,889 | — |
| Eile | 157 | 92 |
| | 3,061 | 849 |

| **2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 1,934 | 1,961 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 866 | 872 |
| Cáin Bhreisluacha | 197 | 173 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1,666 | 1,571 |
| Cáin Foirgníochta | — | 3 |
| Cuntais bhainc dlí agus ceart | 13,507 | 15,903 |
| | 18,170 | 20,483 |
| Asbhaintí párolla atá gcoinneáil ar fionraí | 702 | 701 |
| Athlonnaíocht éigeandála agus tionscadail Reach | 199 | 414 |
| Eile | 476 | 653 |
| | 19,547 | 22,251 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 24,388 | 24,702 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (24,382) | (23,139) |
| Mionairgead/óinchistí | 15 | 25 |
| Glandliteanas don Státchiste | 21 | 1,588 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 16,507 | 22,990 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 3,061 | 849 |
| | 19,568 | 23,839 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (18,170) | (20,483) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (1,377) | (1,768) |
| | (19,547) | (22,251) |
| | | |
| | 21 | 1,588 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán na dtiomantais infheidhmithe le dlí | 3,470 | 2,539 |

**2.10 Dliteanais Aibithe**

Ní raibh aon dliteanais aibí neamhscaoilte ag deireadh na bliana 2014 nó sa bhliain roimhe sin.

# 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Éire Shlán a Choimeád** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 6,361 | 6,559 | 6,508 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 4,128 | 3,743 | 4,843 |
| A.3 | Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) | 47,544 | 48,880 | 42,903 |
| A.4 | Cóiríocht na n-iarrthóirí tearmann | 51,936 | 53,217 | 55,228 |
| A.5 | An Bord um Ghearáin i gcoinne an Gharda Síochána | 110 | 175 | 179 |
| A.6 | An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 7,037 | 6,654 | 6,455 |
| A.7 | Cigireacht na bPríosún | 382 | 382 | 369 |
| A.8 | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 7,924 | 8,310 | 7,972 |
| A.9 | Oifig Chigireachta na nGardaí | 1,002 | 1,111 | 863 |
| A.10 | Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig | 17,395 | 17,316 | 17,084 |
| | | 143,819 | 146,347 | 142,404 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán bhí ollshuim an chaiteachas maidir leis an gClár €2.53 milliún níos airde ná an tsuim a ndearnadh soláthar dó. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann | (1,336) | Tháinig an farasbarr aníos go príomha de bharr costais mhéadaithe as oibríochtaí éileamhthreoraithe amhail tearmann méadaithe agus iarratais eile mar aon le huainiú na n-íocaíochtaí le haghaidh roinnt seirbhísí agus tionscadal. Baineann na seirbhísí le billí dlí ó Oifig Cuntasaíochta Costála an Phríomh-Aturnae Stáit agus baineann uainiú na n-íocaíochtaí tionscadal le Scéim Víosa na Breataine-na hÉireann go príomha. |
| Cóiríocht na n-iarrthóirí tearmann | (1,281) | Tháinig an farasbarr aníos go príomha de bharr na hoibre éigeantaí tógála/athchóirithe a bhí ar siúl in ionaid faoi úinéireacht an Stáit. Chomh maith leis sin, níor tháinig an laghdú a rabhthas ag súil leis ar líon na ndaoine i gcóiríocht aníos. Ag deireadh mhí na Nollag 2014, bhí 4,364 duine i gcóiríocht i gcomparáid le 4,360 duine ag deireadh mhí na Nollag 2013. |
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 383 | Tháinig na coigiltí chun cinn de bharr costais dlí a rabhthas ag súil leo nár tháinig aníos in 2014. Anuas air sin, d'fhan folúntais foirne gan líonadh ar feitheamh comórtas earcaíochta a chur i gcrích. |
| Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | (386) | Tharla an farasbarr go príomha mar gheall ar chostais dhlíthiúla a tabhaíodh maidir le ceisteanna éagsúla a d'eascair go luath i 2014. |
| Oifig Chigireachta na nGardaí | (109) | D'eascair an farasbarr go príomha mar gheall ar róchaiteachas ar chostais phárolla de €217,000 a bhaineann le méadú i líon na foirne mar gheall ar an ualach oibre méadaithe ar thug an Chigireacht fúithi. Rinneadh an barrachas a fhritháireamh go páirteach ag coigilteas sa bhuiséad neamhphá de €108,000. Bhíothas in ann an buiséad a mhéadú atá ar fáil do 2015. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Oibriú le haghaidh Pobail Shábháilte** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 3,291 | 2,800 | 3,363 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 2,135 | 2,277 | 2,636 |
| B.3 | Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | 1,890 | 2,275 | 1,963 |
| B.4 | Maoiniú ar sheirbhísí d'íospartaigh na coireachta | 1,212 | 1,212 | 1,211 |
| B.5 | Bearta coiscthe coireanna | 197 | 197 | 197 |
| B.6 | An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach | 2,234 | 2,109 | 2,074 |
| B.7 | Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | 700 | 661 | 691 |
| B.8 | An Bord Athbhreithnithe Meabhairshláinte (Dlí Coiriúil) | 396 | 355 | 383 |
| B.9 | Cosc - foréigean teaghlaigh, gnéasach & inscne | 1,915 | 1,388 | 1,333 |
| B.10 | Seirbhísí Promhaidh - tuarastail, pánna agus liúntais | 20,721 | 20,703 | 20,860 |
| B.11 | Seirbhísí Promhaidh - costais oibriúcháin | 3,775 | 3,171 | 3,122 |
| B.12 | Seirbhísí Promhaidh - seirbhísí do chiontóirí | 10,732 | 10,170 | 9,703 |
| B.13 | Scéim orduithe na seirbhíse pobail | 2,067 | 2,062 | 2,113 |
| | | 51,265 | 49,380 | 49,649 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár B €1.89 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | (385) | Tháinig an farasbarr aníos de bharr róchaithimh ar phárolla agus ar chostais dlí. Tugadh acmhainní breise don Oifig in 2014.Tháinig méadú ar a chasta atá cásanna dlí le blianta beaga anuas, rud ba chúis leis an gceanglas le seirbhísí seachtracha dlí a choinneáil. Bhíothas ábalta an buiséad a bheidh ar fáil don Oifig in 2015 a mhéadú. |
| An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach | 125 | Tháinig an choigilt aníos de bharr na moille ar cheadúnú le haghaidh na hearnála slándála Imeachtaí agus na hearnála monatóireachta TCI a thabhairt isteach. Níor tugadh isteach é go dtí níos moille sa bhliain 2014 ná mar a bhíothas ag coinne leis. Roinnt costais eile, amhail ceapadh Cigire Theicniúil, níor tháinig siad aníos in 2014 mar a bhíothas ag coinne leis. |
| Cosc - foréigean teaghlaigh, gnéasach & inscne | 527 | Rinneadh coigiltí mar nach raibh roinnt clár chomh costasach agus a réamh-mheasadh agus mar nár thosaigh cláir eile atá bainteach le cur chun feidhme na straitéise náisiúnta in 2014. Chomh maith leis sin, baineadh coigiltí amach ar chaiteachas taighde agus cumarsáide. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Seirbhísí Promhaidh - costais oibriúcháin | 604 | Tháinig an choigilt aníos go príomha mar gur úsáideadh socruithe soláthair a bhí níos éifeachtúla. Áiríodh leis na bearta sin ceannach láraithe agus úsáid as deiseanna seirbhísí comhroinnte, nuair ab fhéidir, amhail leas a bhaint as tairiscintí agus creat-chomhaontuithe de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais agus de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. |
| Seirbhísí Promhaidh - seirbhísí do chiontóirí | 562 | Tháinig an choigilt aníos mar gur baineadh barainneachtaí amach in eagraíochtaí pobalbhunaithe mar gur athchóiríodh struchtúir chostais chun éifeachta agus mar nár tabhaíodh ach caiteachas lán-éigeantach agus tiomanta. De bhreis air sin, níor lean roinnt forbairtí beartaithe ar aghaidh laistigh de thréimhsí réamh-mheasta. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Soláthar agus Riaradh an Cheartais a Éascú** | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | 4,660 | 4,611 | 4,832 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 2,497 | 2,399 | 2,668 |
| C.3 | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | 7,102 | 2,891 | 5,585 |
| C.4 | Cúnamh Dlíthiúil - coiriúil (uimh. 12 de 1962) | 47,552 | 49,890 | 50,862 |
| C.5 | Cúnamh Dlí – saincheisteanna coinneála | 3,750 | 3,230 | 3,365 |
| C.6 | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil (deontas-i-gcabhair) | 32,574 | 32,574 | 33,759 |
| C.7 | Ionaid saorchomhairle dlí | 98 | 98 | 98 |
| C.8 | Seirbhís chróinéara | 384 | 198 | 134 |
| C.9 | An Bord Parúil | 335 | 341 | 321 |
| C.10 | An tSaotharlann Dlí-eolaíochta | 8,607 | 8,329 | 8,452 |
| C.11 | An Paiteolaí Stáit | 2,397 | 941 | 950 |
| C.12 | Cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta déanta go coiriúil | 4,231 | 4,181 | 11,520 |
| C.13 | Údaráis lárnacha (fuadach leanaí, cosaint leanaí agus fiachóirí cothabhála) | 135 | 68 | 88 |
| C.14 | An tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Dlí | 1 | — | — |
| C.15 | Ciste Magdalen | 23,000 | 18,523 | 401 |
| | | 137,323 | 128,274 | 123,035 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár C €9.05 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | 4,211 | An phríomhchúis leis an gcoigilt is ea an fhíric nár tugadh na costais dlí tríú páirtí gan íoc chun críche go fóill, go háirithe i dtaca le Binse Smithwick. |
| Cúnamh Dlíthiúil - coiriúil (uimh. 12 de 1962) | (2,338) | Tháinig an farasbarr aníos de bharr líon agus chatagóir na gceisteanna coiriúla a tháinig os comhair na gCúirteanna a n-eisítear deimhnithe um chúnamh dlí ina leith. Is fo-mhírcheann é seo atá éileamhthreoraithe agus tá sé deacair a thuar. |
| Cúnamh Dlí – saincheisteanna coinneála | 520 | Tháinig an choigilt aníos de bharr gur níos lú ná mar a bhíothas ag coinne leis a bhí líon na gcásanna a raibh ionadaíocht dhlíthiúil ag teastáil iontu. Is éard atá sa scéim ná socrú neamhreachtúil riaracháin a chlúdaíonn cineálacha áirithe cásanna nach gclúdaíonn an Scéim um Chúnamh Dlí Shibhialta ná an Scéim um Chúnamh Dlí Choiriúil iad. |
| Seirbhís chróinéara | 186 | Tháinig an choigilt aníos mar gur níos lú ná mar a bhíothas ag coinne leis a bhí an caiteachas ar an bpárolla agus ar chostais dlí i dtaca le hathbhreithnithe breithiúnacha. |

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| An Paiteolaí Stáit | 1,456 | D'eascair an coigilteas go príomha mar gheall ar mhoill i dtaca le tosú na hoibre ar chóiríocht nua d'Oifig an Phaiteolaí Stáit i 2014. Dá thoradh sin, tá san áireamh sa choigilteas leithdháileadh caipitil neamhchaite de €1.3 milliún. Táthar ag dréim leis go n-athlonnófar an Oifig in áitreabh nua roimh dheireadh 2015. |
| Ciste Magdalen | 4,477 | Fuarthas líon níos lú iarratas in 2014 ná mar a bhíothas ag súil leis. De bhreis air sin, níor próiseáladh roinnt iarratas roimh dheireadh na bliana 2014 mar go raibh tuilleadh imscrúduithe ag teastáil chun cinneadh a dhéanamh sna cásanna sin. Chomh maith leis sin, níor achtaíodh an Bille um Chinnteoireacht Chuidithe in 2014 mar a bhíothas ag súil leis. Dá bhrí sin, cuireadh moill ar íocaíocht a dhéanamh le roinnt iarratasóirí ag a bhfuil fadhbanna cumais. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Comhionannas agus Comhtháthú a chur chun cinn** | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | 2,192 | 2,142 | 2,265 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 1,033 | 869 | 1,158 |
| D.3 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine (deontas-i-gcabhair) | 6,299 | 2,371 | 3,911 |
| D.4 | Bearta um míbhuntáiste sóisialta (cuntais díomhaoin arna maoiniú) | 750 | 50 | — |
| D.5 | Deontais d'eagraíochtaí náisiúnta ban | 300 | 300 | 300 |
| D.6 | Tionscnaimh an Lucht Siúil | 305 | 274 | 118 |
| D.7 | Gníomh dearfach um chomhionannas insnce | 1,000 | 873 | 959 |
| D.8 | Oifig um chur chun cinn Lánpháirtíocht na n-Imirceach | 2,312 | 2,382 | 2,150 |
| D.9 | An Ciste Eorpach do Dhídeanaithe | 1,500 | 688 | 1,500 |
| D.10 | Tionscnaimh feasachta míchumais | 257 | 234 | 109 |
| D.11 | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 3,884 | 3,276 | 3,449 |
| D.12 | Rialachán na gcarthanas | 300 | 280 | 53 |
| D.13 | Oifig um Thabhartais agus um Thiomnachtaí Carthanúla | 355 | 360 | 335 |
| D.14 | Íocaíochtaí le tionscnóirí na gcrannchur carthanachta ar leith (arna maoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 2,000 | 2,000 | 4,000 |
| | | 22,487 | 16,099 | 20,307 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár D €6.39 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine (deontas-i-gcabhair) | 3,928 | Ritheadh an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas i mí Iúil 2014. Leis an Acht, díscaoileadh an tÚdarás Comhionannais agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine a maoiníodh ón bhfo-mhírcheann seo roimhe sin. Chomh maith leis sin, bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) le héifeacht ón 1 Samhain 2014. Bunaíodh an soláthar buiséadach ar an IHREC a bheith á bhunú ní ba luaithe sa bhliain. Tháinig coigiltí párolla agus coigiltí neamhphá araon aníos dá bharr. Níor cuireadh an t-earcú ceadaithe foirne breise i gcrích faoi dheireadh na bliana. Níor tharla an bogadh a rabhthas ag súil leis chuig áitreabh nua in 2014 agus níor shroich gníomhaíocht clár an leibhéal réamh-mheasta sa bhliain. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Bearta um míbhuntáiste sóisialta (cuntais díomhaoin arna maoiniú) | 700 | Tháinig an choigilt aníos mar nár foilsíodh an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Cuntas Díomhaoin go dtí mí Iúil 2014. An bonn maoiniúcháin riachtanach le haghaidh na dtionscadal faoi shainchúram na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, níor cinneadh é go dtí na meastacháin athbhreithnithe i mí na Nollag 2014, rud a chuir moill ar thiomnú do thionscadail in 2014. Cuirfear tús in 2015 le roinnt tionscadal laistigh de réimsí amhail Ceartas i leith an aosa oig, iospartaigh na coireachta, etc. |
| Gníomh dearfach um chomhionannas insnce | 127 | Tháinig an choigilt aníos go príomha mar nár bhain trí thionscadal atá ann cheana leas as síneadh faoin snáithe rochtain ar fhostaíocht den Bheart um Chomhionannas do Mhná. Níorbh fhéidir an maoiniú fágtha a leithdháileadh ar aon tionscnaimh nua. |
| An Ciste Eorpach do Dhídeanaithe | 812 | Tháinig an choigilt aníos mar nár thosaigh tionscadal nua, ba é sin, an Ciste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha, in 2014 mar a beartaíodh ar dtús. |
| An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 608 | Tháinig na coigiltí aníos mar go raibh costais neamhphá, lenar áiríodh obair thógála agus seirbhísí leabharlainne, níos lú ná mar a réamh-mheasadh. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **E** | **Ionadaíocht a dhéanamh do Leas Ceartais na hÉireann i bhFóraim Idirnáisiúnta** | | | |
| E.1 | Riarachán - pá | 1,749 | 1,843 | 2,665 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | 1,361 | 1,092 | 1,602 |
| | | 3,110 | 2,935 | 4,267 |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **F** | **Cur le hAthshlánú Geilleagrach** | | | |
| F.1 | Riarachán - pá | 9,730 | 7,586 | 8,997 |
| F.2 | Riarachán - neamhphá | 4,529 | 3,039 | 3,677 |
| F.3 | Údarás Rialála na Seirbhísí Réadmhaoine Náisiúnta | 1,071 | 1,235 | 832 |
| F.4 | Seirbhís Dócmhainneacht Éireann | 7,202 | 8,381 | 6,065 |
| | | 22,532 | 20,421 | 19,571 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár F €2.29 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mo) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 1,490 | Tháinig na coigiltí aníos mar go raibh costais TFC níos ísle ná mar a réamh-mheasadh agus gur baineadh coigiltí amach i gcostais riaracháin eile, amhail costais phoist agus teileachumarsáide, in Ionad na Roinne um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais i gCill Airne. |
| Údarás Rialála na Seirbhísí Réadmhaoine Náisiúnta | (164) | Costais mhéadaithe phárolla is mó is cúis leis an mbarrachas, costais a bhaineann le himlonnú acmhainní breise foirne chuig an Údarás le freastal a dhéanamh ar riachtanais phráinneacha ghnó le linn 2014. Bhíothas in ann an buiséad don Údarás a mhéadú i 2015. |
| Seirbhís Dócmhainneacht Éireann | (1,179) | Baineann an farasbarr go príomha le costais forbartha TFC a bhí níos mó ná mar a bhíothas ag súil leo le haghaidh córas bainistíochta cáis, le costais mhéadaithe dlí agus le costais a bhain le feachtas faisnéise poiblí in 2014. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Táillí cinsireachta scannáin | 2,103 | 1,700 | 1,922 |
| 2. | Táillí cosanta sonraí | 550 | 414 | 640 |
| 3. | Fáltais AE | 3,350 | 1,665 | 4,305 |
| 4. | Fáltais ilghnéitheacha | 583 | 413 | 327 |
| 5. | Táillí clárúcháin inimirce | 16,000 | 19,763 | 16,857 |
| 6. | Taillí víosa | 4,800 | 6,356 | 4,533 |
| 7. | Taillí na gcuntas díomhaoin | 750 | 50 | — |
| 8. | Táillí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach | 2,364 | 2,891 | 2,369 |
| 9. | Táillí na dteastas náisiúntachta agus saoránachta | 15,500 | 20,605 | 23,106 |
| 10. | An tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Dlí – tobhach ar chomhlachtaí gairmiúla | 1 | — | — |
| 11. | Táillí an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine | 2,300 | 2,250 | 2,350 |
| 12. | Táillí Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 1,500 | 615 | — |
| 13. | Fáltais as asbhaintí a bhaineann le pinsin ón luach saothair don tseirbhís phoiblí | 6,139 | 6,346 | 7,166 |
| | **Iomlán** | **55,940** | **63,068** | **63,575** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheideal ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta tar éis aon choigeartú meastacháin forlíontach, de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Táillí cinsireachta scannáin | 403 | Tá an t-easnamh seo mar gheall ar mheath grádach ar na líonta iarratas ar DVD a bhí á seoladh le haghaidh soiléiriú, a léiríonn treocht dhomhanda |
| Táillí cosanta sonraí | 136 | Tháinig an t-easnamh aníos de bharr na deacrachta a ghabhann le réamh-mheas a dhéanamh ar shuim na dtáillí ba dhóigh a bhaileofar in aon bhliain ar leith mar go bhfuil athnuachan le déanamh ag eagraíochtaí ag eatraimh dhifriúla sa bhliain agus tá sé doiligh a réamh-mheas ag tús na bliana cé acu a athnuafaidh siad in am nó nach n-athnuafaidh. |
| Fáltais AE | 1,685 | Tháinig an t-easnamh aníos de bharr na deacrachta a ghabhann le méid agus uainiú na bhfáltas faoi na cláir éagsúla a réamh-mheas. |
| Fáltais ilghnéitheacha | 170 | Tá an t-easnamh mar gheall ar an deacracht a bhaineann leis an méid chruinn fáltas a thuar faoin gcatagóir seo, a raibh thart ar 480 idirbheart i gceist léi in 2014. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Táillí clárúcháin inimirce | (3,763) | Suim na dtáillí clárúcháin a fhaightear, rud atá éileamhthreoraithe, braitheann sí ar líon na náisiúnach nach náisiúnaigh de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch iad atá sa Stát ar feadh níos mó ná 90 lá. Tá de dhualgas ar na daoine sin clárú le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce agus táille a íoc. Bhí an líon foriomlán níos airde in 2014 ná mar a réamh-mheasadh. |
| Taillí víosa | (1,556) | Den chuid is mó, seoltar táillí víosa chuig an Roinn tríd an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar bhonn ráithiúil. Cuireadh na fáltais i gcuntas suas go dtí deireadh ráithe 3 den bhliain 2014 agus áiríodh leo freisin fáltais do na trí ráithí deiridh den bhliain 2013. |
| Taillí na gcuntas díomhaoin | 700 | Tá na fáltais sa chás seo ag teacht le caiteachas ó fho-mhírcheann D.4. Ós rud é go raibh moill ar thús a chur le tionscadail in 2014 ar feitheamh shoiléiriú an bhoinn mhaoiniúcháin don bhliain 2015, bhí easnamh i bhfáltais chun teacht leis an gcoigilt caiteachais i bhfo-mhírcheann D.4. |
| Táillí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach | (527) | Go príomha, tháinig na fáltais bharrachais as líon na n-iarratas céaduaire agus athnuachana ar cheadúnais a bheith níos airde in 2014 ná mar a réamh-mheasadh ar dtús. |
| Táillí na dteastas náisiúntachta agus saoránachta | (5,105) | Mar gheall ar líon iarratas ar eadóirseacht a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag dréim leis, in éineacht le líon na gcásanna a cuireadh i gcrích mar a raibh táille deimhniúcháin dlite tharla farasbarr fáltas i 2014. |
| Táillí Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 885 | Bhí an glacadh le réitigh fiachais níos ísle ná mar a réamh-mheasadh. Dá bharr sin, bhí easnamh in ioncam as socruithe réitigh fiachais agus as táillí féimheachta. Tugadh tarscaoileadh táille isteach le haghaidh seirbhísí áirithe go mall in 2014. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (ar choibhéis lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 2,246 | 2,283 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 116,747 | 118,307 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 214 | 250 |
| Liúntais eile | 2,426 | 2,589 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,401 | 1,637 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,551 | 6,531 |
| **Pá Iomlán** | **127,339** | **129,314** |

Áirítear sa bhfigiúr pá iomlán gnéithe den phá ó na fotheidil seo a leanas: A1, A3, A5, A6, A7, A8, A9, A10, B1, B3, B6, B7, B8, B9, B10, B13, C1, C3, C6, C8, C9, C10, C11, C12, C15, D1,D3, D8, D11, D13, E1, F1, F3 agus F4.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2014 | 2013 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 46 | 5 | 52,906 | 55,362 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 238 | 24 | 25,914 | 28,557 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 18 | — | 4,248 | 1,910 |
| Ilghnéitheacha | 333 | 30 | 26,308 | 27,904 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Íocadh suim de chuid €35,935 san iomlán le seacht státseirbhíseach scortha a bhí i bhfáltas pinsean státseirbhíse in 2014. Lena chois sin, íocadh suim de chuid €20,716 le ceithre iar-státseirbhíseach agus €198,838 le seisear ball na breithiúna a bhí gafa le róil éagsúla in 2014. Cuireadh an riail laghdaithe phinsin i bhfeidhm de réir Alt 52 den Acht um Phinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile) 2012.

San iomlán íocadh €1,226,112 tríd an bpárolla do 121 dhuine i dtaca le dualgais a cuireadh i gcrích maidir le boird éagsúla, le coistí éagsúla agus le coimisiúin éagsúla, srl.

Rinneadh scaoilíocaíocht de €13,613 le linn 2014 de réir téarmaí conartha ar théarma seasta.

**5.3 Ró-íocaíochtaí Párolla**

B'ionann iarmhéid na ró-íocaíochtaí párolla gan íoc ag deireadh na bliana agus €356,267 (2013: €333,492).

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú an Chrannchuir Náisiúnta

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| Fo-theideal | Cur síos | | | |
| D.14 | Íocaíochtaí le tionscnóirí roinnt crannchuir charthanúla (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 2,000 | 2,000 | 4,000 |

Tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais – www.justice.ie/en/JELR/Pages/Charities

### 6.2 Maoiniú AE

Cuimsíonn an toradh i bhFocheannteideal A.3, A.10, D.7 agus D.11 caiteachas maidir le gníomhaíochtaí a cómhaoiníodh ag an Aontas Eorpach. Ina theannta sin déantar maoiniú do chlár atá maoinithe ag an AE darb ainm Safety Internet Plus Programme a riar trí mheán cuntais ar fionraí ag an Oifig um Shábháilteacht Idirlín. Is oifig fheidhmiúcháin de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais í an Oifig um Shábháilteacht Idirlín. Bunaíodh ag an Rialtas í le go mbeadh príomhfhreagracht aici as sábháilteacht idirlín in Éirinn, go háirithe i dtaca le leanaí.

Fuarthas cistiú do Chlár AE eile, an Clár Athlonnaíochta Éigeandála in 2014 agus tá an cistiú sin á oibriú trí chuntas fionraí. Is é cuspóir an chistithe chun na ballstáit a spreagadh chun glacadh le dídeanaithe óna dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta a thagann ó áiteanna ina bhfuil coimhlint ar bun.

Anuas air sin, fuair an tSeirbhís Phromhaidh cistiú in 2014 le haghaidh líon tionscadail faoi chistiú an AE a riartar trí chuntas fionraí.

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 |
| Fo-theideal | Cur síos | | | |
| A.3 | Ciste Eorpach Gnóchan | 342 | 308 | 683 |
| A.10 | ESF- Scileanna agus fostóirí breise um Thionscadal Athstiúrtha na nGardaí don Óige | 1,900 | 1,207 | 1,770 |
| D.7 | Gníomh dearfach um chomhionannas insnce | — | 135 | — |
| D.8/D.9 | Ciste Dídeanaithe Eorpach agus Ciste Imeasctha | 2,090 | — | 1,853 |
| D.11 | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | — | 15 | — |
| | | 4,332 | 1,665 | 4,306 |

### 6.3 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

| | Bliain an cheapacháin | 2013 | 2014 | Caiteachas carntha go 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Coimisiún Buan** | | | | |
| Binse Cúitimh um Dhíobhálacha Coiriúla | 1974 | 59 | 37 | 1,665 |
| **Coimisiún Cuspóir Seasta** | | | | |
| Binse Morris | 2002 | 2,286 | 51 | 66,349 |
| Binse Smithwick | 2005 | 1,040 | 1,679 | 14,212 |
| Coimisiún Dheoise Chluana agus Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath | 2006 | — | 6 | 8,797 |
| Coimisiún um Shuíomh Taisí Íospartach | 2007 | 495 | 229 | 5,166 |
| Coimisiún Imscrúcháin Gary Douch | 2007 | 512 | 523 | 2,783 |
| Fiosrúchán faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 i dtaca le beirt leanaí Romacha a bhaint dá dteaghlach. | 2013 | — | 80 | 80 |
| Coimisiún Imscrúdaithe Ronan MacLochlainn | 2014 | — | 104 | 104 |
| Meicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách - líomhaintí áirithe i dtaca leis an nGarda Síochána | 2014 | — | 171 | 171 |
| Fiosrúchán Cooke | 2014 | — | 11 | 11 |
| | | 4,392 | 2,891 | 99,338 |

### 6.4 Dliteanas Teagmhasach

Déanfar íocaíochtaí breise a bhainfidh leis na nithe seo: Binse Morris, Binse Smithwick, an Coimisiún um Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath agus Deoise Chluana, an Coimisiún Neamhspleách um Aimsiú Taisí Íospartach, Coimisiún Imscrúdaithe Ronan Mac Lochlainn agus an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách ar líomhaintí an Gharda Síochána.

Leanfaidh na costais maidir leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla de réir mar a bheidh obair an Bhinse ar bun.

Chuir Binse Morris a chuid oibre i gcrích in 2008. Baineann na costais atá fágtha le táillí dlí tríú páirtí. Tá costas deiridh measta an Bhinse cothrom le thart ar €70 milliún ach is soláthar sealadach é seo ar feitheamh chainníochtú na gcostas dlí gan íoc.

Cuireadh Binse Fiosrúcháin Smithwick i gcrích ag deireadh na bliana 2013. Tiocfaidh costais bhreise aníos maidir le costais tríú páirtí a íoc. Ceistíodh roinnt de chinntí an Bhinse san Ard-Chúirt agus tiocfaidh roinnt costais bhreise aníos ina leith sin.

Tá obair an Choimisiúin um Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath agus Deoise Chluana curtha i gcrích freisin. A mhéid ar féidir a fháil amach, baineann an t-aon chostas ar dóigh di teacht aníos le costais i dtaca le roinnt éisteachtaí cúirte maidir le foilsiú codanna áirithe de thuarascálacha an Choimisiúin a bhfuil na táillí ina leith le réiteach go fóill. Ní dócha go mbeidh na costais atá fágtha suntasach.

Tá obair an Choimisiúin Neamhspleách um Aimsiú Taisí Íospartach ar siúl fós agus braitheann a chuid gníomhaíochta agus a chostais ghaolmhara go mór ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó maidir leis na híospartaigh a bhfuil sé ag iarraidh a dtaisí a aimsiú.

Tá obair an Choimisiúin Imscrúdaithe ar Bhás Gary Douch curtha i gcrích. Níl aon bhillí gan íoc le híoc ag an gCoimisiún.

I mí na Nollag 2013, ceapadh Emily Logan chun fiosrúchán a dhéanamh faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 ar na himthosca inar tugadh leanaí dhá theaghlach Romacha faoi chúram an Stáit i mí Dheireadh Fómhair 2013. Tuarascáil an Fhiosrúcháin faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 i dtaca le baint beirt leanaí Romacha dá dteaghlach'), foilsíodh í an 1 Iúil 2014. Ní bheidh aon chaiteachas breise ag baint leis an bhfiosrúchán sin.

Bunaíodh Coimisiún MacLochlainn le hOrdú Rialtais an 23 Iúil 2014 tar éis do bhaill den Gharda Síochána Ronan MacLochlainn a scaoileadh agus a mharú an 1 Bealtaine 1998. Bhí ceangal air ar dtús tuairisc a thabhairt don Aire laistigh de 6 mhí. Tá an tréimhse sin sínte anois go dtí mí Aibreáin 2015. Is é €414,000 an caiteachas measta ach ní áirítear leis aon táillí dlí agus speansais tríú páirtí a d'fhormheasfaí de réir na dtreoirlínte comhaontaithe don Choimisiún.

I mí na Bealtaine 2014, tar éis Tuarascáil Guerin a fhoilsiú, bunaíodh Meicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách chun athbhreithniú a dhéanamh ar líomhaintí áirithe maidir le mí-iompar nó neamhdhóthanachtaí an Gharda Síochána agus na líomhaintí á n-imscrúdú d'fhonn cinneadh a dhéanamh ar mhéid na gníomhaíochta breise a d'fhéadfadh bheith ag teastáil i ngach cás agus ar an dóigh a ndéanfaí an ghníomhaíocht sin. Bunaíodh an Mheicníocht Athbhreithnithe mar bheart sealadach. Cuimsíonn sí painéal athbhreithnithe ina bhfuil beirt abhcóidí sinsearacha agus cúigear abhcóidí sóisearacha agus tá sí ag druidim le cur i gcrích a chuid oibre. Ní dócha go sáróidh na costais in 2015 leibhéil chaiteachais 2014.

Bunaíodh Fiosrúchán Cooke i mí Feabhra 2014 chun an fiosrúchán neamhspleách ar thuairiscí faoi fhaireachas neamhdhleathach ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a dhéanamh. Rinneadh na socruithe praiticiúla a bhain le ceapachán an Bhreithimh Cooke ag Roinn an Taoisigh agus níor íocadh ach costais riaracháin sách beaga ón Vóta seo. Níltear ag dréim leis go dtiocfaidh aon chostais bhreise chun cinn don Vóta seo.

**6.5 Íocaíochtaí ex-gratia**

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €327,152 (2013: €382,072) maidir leis an Scéim Chúnaimh Dhlí neamhreachtúil do bhearta de chineál BSC. Tá an scéim seo infheidhmithe do dhaoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a chuirtear i gcrích ag, nó in ainm, an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, imeachtaí cúirte an Achta um Fháltais Choiriúlachta 1996, na hAchtanna um Choimisinéirí Ioncaim agus na hAchtanna um Leas Sóisialach agus iarratais a rinneadh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €1,009,896 (2013: €811,866) maidir leis an Scéim neamhreachtúil Chomhairle Cúnaimh Dhlí Stáisiúin Gharda. Déanann an scéim seo soláthar dó, sa chás go ndéanfaí duine a choimeád i stáisiún Garda do chuspóirí imscrúdaithe ar choir agus go bhfuil sé de theidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le dlíodóir ach gan dóthain acmhainne a bheith ag an duine le go n-íocfadh sé/sí as a leithéid de chomhairliúchán, go n-íocfar as comhairliúcháin le dlíodóirí ag an Stát.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach iomlán €41,664 (2013: €15,697) i roinnt cásanna maidir le seirbhís na gCróinéirí. Baineann na híocaíochtaí faoi thrácht le costas na hionadaíochta dlí ag ionchoisne faoi bhás daoine a bhí faoi choimeád an Stáit.

**6.6 Ciste um Thionscnamh na nDrugaí**

Fuarthas suim de €239,326 (2013: €257,473) ón gCiste Tionscnaimh Dhrugaí agus mínítear an tsuim sin trí mheán cuntais ar fionraí. Déantar soláthar don mhaoiniú faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2009 – 2016 agus baineann sin le roinnt tionscadal ar le Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí iad ar tionscnaimh iad a dtacaíonn an tSeirbhís Phromhaidh leo.

**6.7 Costais Dlí**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| Seo a leanas na costais dlí a íocadh i rith na bliana: | €000 | €000 |
| Táillí Dlí | 637 | 332 |
| Cúiteamh | 7,056 | 6,907 |
| | 7,693 | 7,239 |

**6.8 Ús ar Íoc Pras Cuntas**

Ba é €12,614 (2013 - €1,379) suim an úis ar íoc pras a thabhaigh an Roinn in 2014. Ní bhfuair aon duine/aon chomhlacht €10,000 nó níos mó.